
# Clár na bhFiontraithe Óga




Eochairfhocail: comhlacht, fiontraí, fiontraithe, suirbhé, díol, clár

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:


1. Cén t-ainm atá ar an gcomhlacht beag a bhunaigh daltaí Ghaelscoil Átha í?
2. Cé mhéad a chosnaíonn teidí amháin, de réir Garrett?
3. Cad a dhéanfaidh na daltaí amárach, de réir Katie?
4. Cad, a deir Julian, a tharlóidh má éiríonn leis na daltaí 33 teidí a dhíol i Shaws?
5. Cén aidhm atá ag Clár na bhFiontraithe Óga?
6. Cad ba mhaith le 60% de chailíní a dhéanamh amach anseo, de réir an tsuirbhé?

# Clár na bhFiontraithe Óga



Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat labhairt leis an duine in aice leat faoi na pleananna atá agat don todhchaí. Seo cúpla leid le cuidiú libh agus sibh i mbun comhrá:

· Cén saghas poist ba mhaith leat a fháil nuair a bheidh tú níos sine? Cén fáth?
· Ar mhaith leat a bheith ag obair anseo in Éirinn nó thar lear? Cén fath?
· Ar mhaith leat do chomhlacht féin a bhunú cosúil leis na daltaí i nGaelscoil Átha í? Cén fáth?
· Ar mhaith leat an obair chéanna is atá ar siúl ag do thuismitheoirí anois a dhéanamh tú féin sa todhchaí? Cén fáth?



# Clár na bhFiontraithe Óga

Freagraí

1. Teidí le t-léine
2. 14 Euro
3. Beidh siad ag dul go Shaws agus díolfaidh siad teidithe ann
4. Rachaidh siad ar thuras scoile breise
5. Cruthaitheacht agus neamhspleáchas a chur chun cinn i measc na ndaltaí
6. A bheith ina bhfiontraithe nuair a bheidh siad níos sine

